Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15322/22**

**DEVGEN 219**
**JEUN 178**
**ACP 126**
**RELEX 1609**
**COHAFA 115**
**COHOM 147**
**SUSTDEV 206**
**EDUC 407**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Samhain 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14756/22 |
| Ábhar: | Plean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais – Conclúidí ón gComhairle (an 28 Samhain 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3914ú cruinniú a bhí aici an 28 Samhain 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh mar seo a leanas:

1. Aithníonn sí an rannchuidiú tábhachtach a dhéanann an óige chun todhchaí níos cuimsithí, níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos córa a fhorbairt. Tugann an Chomhairle ómós do na daoine óga sin a dhéanann iarracht gach lá chun go mbeidh domhan níos fearr ann. Tá meas agus buíochas ollmhór tuillte acu as a bhfís, as a bheith rannpháirteach agus as a misneach. Tá sé ríthábhachtach oibriú ar son na hóige, leis an óige agus tríd an óige chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus chun forbairt inbhuanaithe, rathúnas agus síocháin a bhaint amach. Trí thús áite a thabhairt do chumhachtú na hóige ina ghníomhaíocht sheachtrach, tá rún daingean ag an Aontas ceannaireacht a thabhairt trí dhea-shampla chun rannpháirtíocht agus acmhainn saorghníomhaíochta iomlán, chomhionann, éifeachtach, fhiúntach agus chuimsitheach na ndaoine óga a fheabhsú, agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo gealltanais dhomhanda chun sochaithe atá níos athléimní agus níos cuimsithí a thógáil. Tá an Chomhairle buíoch, dá bhrí sin, as an treoir don Aontas agus dá Bhallstáit maidir leis an obair amach anseo mar a chuirtear i láthair sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais 2022 – 2027 agus tá sí tiomanta don chuspóir maidir le rannpháirtíocht agus cumhachtú fóinteach gníomhach na hóige a mhéadú i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

2. Cuireann sí i dtreis gur comhpháirtithe bunriachtanacha iontaofa iad daoine óga ar fud an domhain maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), agus comhaontuithe agus ionstraimí móra iltaobhacha eile, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, dearbhú Bhéising agus clár oibre gníomhaíochta Bhéising agus clár oibre gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus torthaí a gcomhdhálacha athbhreithnithe, Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus na rúin ghaolmhara uile ina dhiaidh sin, Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil agus na rúin leantacha a ghabhann leo, atá i gcroílár chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an Chomhdhearcaidh nua Eorpaigh Nua maidir le Forbairt agus Straitéis ‘Global Gateway’ an Aontais.

3. Cuireann sí i dtreis gur réamhriachtanas é rannpháirtíocht níos láidre an Aontais agus a Bhallstát le daoine óga ar fud an domhain chun an daonlathas, an smacht reachta, uilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, meas ar dhínit an duine, agus prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta a chur chun cinn agus gur infheistíocht fhadtéarmach é sa chaidreamh a bheidh ann amach anseo le tíortha eile agus gur féidir leis, san fhadtéarma, cur le caidreamh feabhsaithe idir an tAontas agus a thíortha comhpháirtíochta. Is príomhghníomhaithe iad ollscoileanna, agus institiúidí oideachais ghinearálta agus gairmoideachais eile, eagraíochtaí don óige nó eagraíochtaí fiontraithe óga, brainsí óige ceardchumann agus eagraíochtaí eile atá dírithe ar an óige chun córas domhanda do chearta an duine agus don daonlathas a chur chun cinn. Admhaíonn an Chomhairle freisin go bhféadfadh an Aontas agus a Bhallstáit go leor a fhoghlaim ó eagraíochtaí faoi stiúir na hóige agus go bhfuil a rannpháirtíocht ríthábhachtach chun beartas cuimsitheach a cheapadh.

4. Admhaíonn sí torthaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, go háirithe rannpháirtíocht struchtúrtha na hóige sna Painéil Saoránach Eorpach.

5. Dearbhaíonn sí a thiomanta atá sí gan aon duine a fhágáil ar lár agus rannpháirtíocht agus rannpháirteachas iomlán, comhionann, éifeachtach, fóinteach, cuimsitheach agus éagsúil na hóige a chur chun cinn gan aon chineál idirdhealaithe, lena n-áirítear bunaithe ar ghnéas, cine, tionscnamh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne nó aon stádas eile. Tá an Chomhairle tiomanta chun cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe a chomhrac agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a áirithiú agus chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí. Ba cheart cur chuige claochlaitheach lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne a ghlacadh i bpróisis ceaptha beartais agus cinnteoireachta chun rannpháirtíocht agus cumhachtú na hóige, go háirithe rannpháirtíocht agus cumhachtú iomlán, cothrom, éifeachtach agus fóinteach na mban óg, a chur chun cinn.

6. Dearbhaíonn sí a thiomanta atá sí do chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus do phrionsabail threoracha an chomhionannais inscne, mar a léirítear sa Chomhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt agus sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas 2020-2024. I ndáil leis an méid sin, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis de chuid an Aontais maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025 agus Plean Gníomhaíochta Inscne de chuid an Aontais (PGI) III dar teideal *'An Ambitious Agenda for Gender Equality and Women's Empowerment in EU External Action*' [Clár Oibre uaillmhianach don Chomhionannas Inscne agus do Chumhachtú na mBan i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais] 2021-2025, agus fógraíodh gur dhíol sásaimh iad i gConclúidí ón Uachtaránacht an 16 Nollaig 2020. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún sprioc na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a bhaint amach inar cheart an comhionannas inscne a bheith mar phrionsabal nó mar chuspóir suntasach ag 85 % ar a laghad de ghníomhaíochtaí nua arna gcur chun feidhme faoin ionstraim sin agus gur cheart an comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bheith mar phríomhchuspóir ag 5 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin.

7. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gníomhaithe cumhachtacha ar son athraithe agus nuálaíochta iad daoine óga, lena n-áirítear maidir le gníomhaíocht le haghaidh réitigh aeráide a shlógadh. Is í 2022 Bliain Eorpach na hÓige, ina leagtar béim ar ról lárnach na ndaoine óga maidir le haghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar dhúshláin dhomhanda, an bhochtaineacht a chomhrac, éagothromaíochtaí a ghleic, síocháin mharthanach a chothú agus rannchuidiú le rialachas daonlathach cuimsitheach, fás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe fhoriomlán ina bpobail i mBallstáit an Aontais agus ar fud an domhain.

8. Cuireann sí i bhfios gur cúis mhór imní di go gcuireann an bhochtaineacht, an éagobhsaíocht, an leochaileacht, coinbhleachtaí, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú comhshaoil, tubaistí nádúrtha agus de dhéanamh an duine, neamhshlándáil uisce, bia agus fuinnimh, easáitiú éigeantais, eipidéimí agus paindéimí agus dúshláin sláinte eile leis na neamhionannais shistéamacha atá ann cheana agus gur bagairt iad ar ghnóthachain forbartha dhaonna, eacnamaíocha agus shóisialta a baineadh amach le dua, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus sna stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. Bhí tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar dhaoine óga, rud a mhéadaigh an t-idirdhealú a bhí ann cheana, go háirithe i gcoinne na mban agus na gcailíní agus na ngrúpaí imeallaithe maidir le rochtain ar oideachas agus le daoine a choinneáil san oideachas, deiseanna fostaíochta, soghluaisteacht, sábháilteacht agus sláinte coirp agus meabhairshláinte. Le paindéim COVID-19, léiríodh arís a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh sa tsláinte i bhforbairt dhaonna, i bhfianaise gur cuireadh isteach ar sholáthar seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe do dhaoine óga, rud a chur le méid na dtoircheas neamhphleanáilte, le mortlaíocht máithreacha, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, lena mbaintear an bonn de chearta daoine óga agus óna n-eascraíonn méadú ar an bhforéigean gnéis agus inscnebhunaithe a bhí ann go forleathan cheana féin.

9. Cuireann sí i bhfios gur cúis mhór imní di go bhfuil rannpháirtíocht agus cumhachtú iomlán, comhionann, éifeachtach agus fóinteach daoine óga agus aitheantas agus cosaint iomlán chearta uile an duine, lena n-áirítear cearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, agus go háirithe maidir le rochtain ar sheirbhísí sóisialta bunúsacha agus ar chosaint shóisialta, agus rochtain ar fhaisnéis, faoi bhagairt, a gceistiú agus á srianadh i bhfianaise an laghdaithe atá ag teacht ar spásanna daonlathacha agus sibhialta, agus go bhfuil sí tiomanta gníomhú sna cásanna sin. Aithníonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé comhrac na fuathchainte, na bréagaisnéise, na mífhaisnéise agus na bolscaireachta a neartú, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á hurramú ag an am céanna.

*Glac Páirt*

10. Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit oibriú le chéile, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, chun rannpháirtíocht agus rannpháirteachas fóinteach na hóige a phríomhshruthú i bhfóraim idirnáisiúnta agus ar an leibhéal iltaobhach, réigiúnach, tíre agus áitiúil.

11. Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit go páirt fhóinteach a thabhairt do dhaoine óga ar fud an domhain, i ngach céim den phróiseas ceaptha beartais, de thimthriallta cláir, de thionscnaimh agus d’idirphlé polaitiúil a bhaineann le gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais agus a Bhallstát (Foireann na hEorpa). Meabhraíonn an Chomhairle a tiomantas tacú le rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige, ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024. Ba cheart don Aontas freisin comhordú agus cuntasacht mhéadaithe maidir le cúrsaí óige a áirithiú, lena n-áirítear idirphlé straitéiseach, cuimsitheach agus rannpháirtíoch le daoine óga, le leanaí, le heagraíochtaí óige agus le heagraíochtaí atá dírithe ar leanaí ar fud an domhain, agus iarracht a dhéanamh mianta agus réitigh na ndaoine óga a thabhairt chun cinn agus dearcthaí na hóige ar an bhforbairt a chur san áireamh. Ba cheart do ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát rannchuidiú le daoine óga a chumhachtú agus a chumasú chun gur féidir leosan a bheith rannpháirteach i gcur chun cinn na forbartha inbhuanaithe, an daonlathais, na síochána agus an ghníomhaithe ar son na haeráide trí chistiú agus deiseanna fothaithe acmhainneachta, mar shampla, tríd an gCiste um Chumhachtú na hÓige, Acadamh Óige na hAfraice-na hEorpa agus an ghné idirnáisiúnta de Erasmus+ a mhaoinítear le hionstraimí seachtracha, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don ghá atá le himirce daoine oilte a chosc.

12. Iarrann sí ar an gCoimisiún na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun rannpháirteachas institiúideach na n-óg a neartú tríd an mBonn Braite Óige le haghaidh Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta an Aontais, trí struchtúir chomhairleacha chomhchosúla don óige a chruthú i dToscaireachtaí an Aontais agus tríd an líonra de phointí fócasacha don óige i dToscaireachtaí an Aontais.

13. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá gníomhaithe óga agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar fud an domhain, mná agus cailíní san áireamh, sa timpeallacht dhigiteach freisin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá sí timpeallacht chumasúcháin shábháilte a chur chun cinn d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar ghníomhaithe iad féin agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Sásra an Aontais um Chosantóirí Chearta an Duine.

14. Is díol sásaimh di gníomhaíocht an Choimisiúin chun timpeallacht chumasúcháin a neartú maidir le rannpháirteachas agus ceannaireacht dhaonlathach chuimsitheach daoine óga ó chúlraí éagsúla, go mór mór cailíní, i ngach gné den saol poiblí, go háirithe an Tionscnamh um an Óige agus Mná sa Daonlathas.

15. Is díol sásaimh di comhtháthú chlár oibre na Náisiún Aontaithe don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil in idirphlé polaitiúil an Aontais le tíortha comhpháirtíochta agus tá sí tiomanta maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme an chláir oibre sin. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Aontas agus dá Bhallstáit tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach, fhóinteach agus shábháilte daoine óga i sásraí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun síocháin bhuan agus réiteach coinbhleachta a chur chun cinn, agus chun daoine óga atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí síochána a chosaint.

16. Is díol sásaimh di an próiseas athbhreithnithe do Threoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, arb é is aidhm dó gníomhaíocht an Aontais a neartú chun leanaí atá thíos le coinbhleacht armtha a chosaint, bunaithe ar phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus ar phróiseas na gceachtanna a foghlaimíodh.

*Cumhachtaigh*

17. Athdhearbhaíonn sí an gealltanas maidir le 20 % ar a laghad de ODA arna chistiú faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a leithdháileadh ar chuimsiú sóisialta agus ar fhorbairt dhaonna. Is díol sásaimh di ceannaireacht an Choimisiúin maidir le caiteachas ar oideachas a mhéadú ó 7 % go 10 % ar a laghad den chistiú foriomlán faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta don Afraic Fho-Shahárach, do Mheiriceá Laidineach agus do réigiún Mhuir Chairib, chomh maith leis an Áise agus réigiún an Aigéin Chiúin, lena n-áirítear trí infheistíochtaí 'Global Gateway' don tréimhse 2021-2027, agus is díol sásaimh di rannchuidiú tábhachtach an Aontais de 10 % dá bhuiséad um chabhair dhaonnúil leis an oideachas i gcásanna éigeandála. Tá an tAontas agus na Ballstáit le rannchuidiú leis an tacaíocht sin trí chistiú, idirphlé beartais agus cúnamh teicniúil chun rochtain chothrom ar oideachas neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach, sábháilte, inacmhainne agus inrochtana agus ar ardchaighdeán a áirithiú, lena n-áirítear oideachas teicniúil agus ardoideachas do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an domhain, go háirithe cailíní agus mná óga, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála agus i ngéarchéimeanna fada, i gcomhréir le torthaí Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Claochlú an Oideachais agus Ráiteas Físe Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

18. Aithníonn sí gur gá tacú leis an óige i réigiúin atá buailte le coinbhleachtaí, go háirithe i gcomhthéacs cogaí, coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, amhail cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus an tionchar suntasach atá aige ar aos óg na hÚcráine, cos ar bolg foréigneach ar na hagóidí síochánta san Iaráin, cur faoi chois na sochaí shibhialta sa Bhealarúis agus an staid san Afganastáin atá ag dul in olcas, go háirithe maidir le mná agus cailíní agus mionlaigh. Ba cheart an-aird a thabhairt ar scoileanna, múinteoirí agus foghlaimeoirí a chosaint ar ionsaithe agus ar riachtanais oideachais, sláinte, shóisialta agus chultúrtha daoine óga i limistéir choinbhleachta agus in áiteanna dídine a sholáthar, san Aontas agus ina thíortha comhpháirtíochta araon.

19. Measann sí go bhfuil dlúthbhaint ag cumhachtú na hóige, agus go háirithe cumhachtú na mban óg agus daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, agus/nó a bhfuil cónaí orthu i dtimpeallachtaí atá faoi mhíbhuntáiste, le scileanna bunúsacha agus inaistrithe a bheith acu, leis an aistriú ón scoil go dtí an obair, le rochtain chothrom ar obair chuibhiúil agus ar fhostaíocht tháirgiúil a chruthú, lena n-áirítear deiseanna maidir le féinfhostaíocht fhoirmiúil agus fiontraíocht, chomh maith le pá comhionann as obair chomhionann a áirithiú, agus is díol sásaimh di, dá bhrí sin, gníomhaíocht an Choimisiúin tionscnamh d'Fhoireann na hEorpa maidir le scileanna atá bunaithe ar dheiseanna agus le hoiliúint ghairmoideachais san Afraic a chur chun feidhme agus chun tacú le glacadh na Ráthaíochta don Aos Óg sna Balcáin Thiar agus le scéimeanna gníomhachtaithe comhchosúla i dtíortha comharsanachta an Aontais.

20. Aithníonn sí go bhfuil gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus sealbhú agus bailíochtú eolais agus scileanna, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus inaistrithe, ríthábhachtach chun tacú le cruthú post agus gnólachtaí agus chun daoine óga, go háirithe mná agus cailíní, a chumhachtú araon chun a áirithiú go mbeidh saol faoi dhínit acu, go mbeidh siad lánpháirteach sa tsochaí mar chomhaltaí freagracha den tsochaí, agus go rannchuideoidh siad le folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil a bpobal. Tá ról suntasach freisin ag an oideachas seachfhoirmiúil maidir le daoine óga a chumhachtú agus i ndáil le tacú lena rannpháirtíocht eacnamaíoch, shóisialta agus pholaitiúil. I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach gné na hinscne a chomhtháthú agus an bhearna dhigiteach idir na hinscní a shárú.

21. Cuireann sí i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé dul i ngleic ar bhealach iomlánaíoch le sláinte daoine óga, tacú leis na hiarrachtaí domhanda i dtreo clúdach sláinte uilíoch agus sláinte dhigiteach, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna meabhairshláinte na hóige agus cur chuige comhtháite atá freagrúil don óige i leith na sláinte agus córais agus seirbhísí sláinte, chomh maith le beartais oideachais, a neartú. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithnithe, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, maidir le hábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfáth an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach, i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.

*Tar le Chéile*

22. Cuireann sí i dtábhacht a thábhachtaí atá sé tacú le soghluaisteacht chuimsitheach daoine óga ar fud an domhain (tríd an ngné idirnáisiúnta de Erasmus+ a mhaoinítear le hionstraimí seachtracha, an Cór nua Dlúthpháirtíochta Eorpach, comhpháirtíochtaí tallainne, soghluaisteacht chun obair dheonach a dhéanamh agus eile), inniúlachtaí náisiúnta a urramú, agus tacú le líonra domhanda láidir de chéimithe ón Aontas a chruthú.

23. Cuireann sí i dtreis go láidir go bhfuil cur chun cinn rannpháirtíocht daoine óga agus leanaí san oideachas le haghaidh saoránacht dhomhanda, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint maidir le cearta an duine, mar a chuirtear chun cinn leis an gClár um Oideachas agus Múscailt Feasachta maidir le Forbairt (DEAR), oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus an Clár Domhanda don Oideachas ar Chearta an Duine, fíor-riachtanach chun domhan agus Aontas níos cuimsithí, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach.

24. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar SEGS i gcomhar leis na Ballstáit, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn trí úsáid a bhaint as uirlisí faireacháin agus meastóireachta atá ann cheana, tuairisciú don Comhairle, agus feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun sonraí imdhealaithe ó thaobh aoise agus gnéis de a bhailiú. Áirítear leis sin cur chuige claochlaitheach lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne a chur chun cinn mar aon le beartais fhianaisebhunaithe don óige ar fud an domhain chun trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an creat faireacháin a fhorbairt go tráthúil agus i ndlúthchomhar leis an óige agus gealltanais agus tosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta don Óige a ionchorprú i bhforbairt clár ar leibhéal na tíre agus san athbhreithniú meántéarma a dhéanfar amach anseo ar an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta. Beidh na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfaireachán tábhachtach i bhfianaise ionstraimí cistiúcháin an Aontais amach anseo do ghníomhaíochtaí seachtracha tar éis 2027.